# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## An Ardteistiméireacht 2023

## Aistriúchán
## Ar Scéim Mharcála

## Stair

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2023

# SCÉIM MHARCÁLA

# STAIR
# An Nua-Aois Déanach

# GNÁTHLEIBHÉAL

## Nótaí/Giorrúcháin Mínithe Marcála Ar Líne

| Siombail | Cur síos | Arna Léiriú |
|---|---|---|
| ✓5 | Tic le huimhir | Tic le luach na marcanna a bhronntar (m.sh.5 mharc) |
| ✓ | Tic (bán) | Bailí/ceart/ábhartha/le tuillteanas (ní bhronntar aon mharc ar thic bán) |
| 0 | Náid | Gan aon mharc bronnta |
| ✗ | Cros/X (bán) | Neamhbhailí/mícheart/neamhábhartha |
| ≀ | Ceartingearach corrach | Leathanach/roinn feicthe ag an scrúdaitheoir |
| — | Líne chothrománach | Cuir líne faoi |
| **GF** | Gan aon Fhreagra | Níor freagraíodh an cheist. |
| **Ábhar breise in A** | | Tagraítear do shraith cheisteanna eile ar leathanach 15 den scrúdpháipéar. |
| **An tríú-A**<br>**An tríú-B**<br>**An tríú-C** | | Tagraítear do fhreagraí sa tríú thopaic an iarrthóra, ina bhfuil na marcanna curtha isteach arís ag an scrúdaitheoir. |
| ✗6 | X-6<br>(lúide 6 mharc) | D'fhéadfadh sé go mbeadh oiriúnú riachtanach ar roinnt scripteanna, ag brath ar an rogha ceisteanna a fhreagairt. |

**Nóta maidir le coigeartuithe a mharcáil sa Stair, Gnáthleibhéal, 2023:**

Sna socruithe measúnaithe do Stair na hArdteistiméireachta, Gnáthleibhéal, 2023, tugadh rogha d'iarrthóirí ceann amháin as dhá shraith treoracha a leanúint, mar a leagadh amach ar leathanach tosaigh an scrúdpháipéir. Sa chóras marcála ar líne, bronntar marcanna ar an dá thopaic a fhaigheann na marcanna is airde i Roinn 2 agus i Roinn 3 sa scrúdpháipéar. Tá línte breise sa phainéal marcála, leis na lipéid "A Breise", "Tríú A", "Tríú B" agus "Tríú C", ionas gur féidir leis an scrúdaitheoir marcanna a chur isteach don tríú seit bailí freagraí.

Baineann an líne "A Breise" go sonrach leis an gCuid A bhreise ar leathanach 15 den scrúdpháipéar. Féadann "Tríú A" tagairt d'aon cheann de cheisteanna Chuid A sa scrúdú.

I roinnt cásanna, nuair a tugadh faoi níos mó ná an líon ceisteanna Cuid A a bhí riachtanach, baintear na marcanna do "A Breise" (lch 15 ar an scrúdpháipéar) chun marcanna a chur isteach ar líne "Tríú A" don Chuid A a ghnóthaigh an líon is airde marcanna i gcuid éigin eile den scrúdpháipéar.

## TUARASCÁIL AR AN STAIDÉAR TAIGHDE (TST)
## (100 marc)

### TEIDEAL AN STAIDÉIR (gan aon mharc)

Níl cead aon mharcanna a bhronnadh don teideal, ach beidh sé riachtanach an teideal a chur san áireamh chun breithiúnas a dhéanamh ar 'ábharthacht na foinse ar an ábhar' i *Meastóireacht ar na Foinsí.*

### PLEAN IMLÍNEACH (15 mharc)

Foinsí a lua = 6 mharc    Gnéithe eile = 9 marc

**Foinsí a lua**

Tá dhá fhoinse á lorg.

Foinse amháin iomlán a lua go cruinn = 3 mharc

3 mharc x 2 = 6 mharc le haghaidh dhá fhoinse

Teideal = 1 mharc

Údar = 1 mharc

Píosa amháin eolais sa bhreis air sin mar fhianaise (m.sh.: foilsitheoir, dáta foilsithe, seoladh suíomh gréasáin, srl) = 1 mharc

**Sainigh agus tabhair údar ar an ábhar staidéir atá molta agus na haidhmeanna agus an cur chuige atá beartaithe a aithint.**

An leagann an t-iarrthóir amach go soiléir an t-ábhar a bhfuil sé i gceist acu staidéar a dhéanamh air agus cén fáth? An leagann an t-iarrthóir amach aidhmeanna an staidéir agus an chaoi ar dóigh go mbainfear amach iad?

Ag glacadh an freagra ina iomláine, cé chomh maith is a éiríonn leis an iarrthóir an méid sin a dhéanamh go soiléir agus go stuama?

| | |
|---|---|
| ***An Mhaith:*** | 8-9 marc |
| ***Maith:*** | 6-7 marc |
| ***Réasúnta:*** | 3-5 mharc |
| ***Lag:*** | 0-2 mharc |

## MEASTÓIREACHT AR NA FOINSÍ (25 mharc)

Tagairt a dhéanamh do láidreachtaí agus/nó laigí na bhfoinsí agus léargas a thabhairt ar an mbaint atá ag na foinsí leis an ábhar. Cé chomh maith is a éiríonn leis an iarrthóir an méid sin a dhéanamh go soiléir agus go stuama?

| | | |
|---|---|---|
| Tagairt don DÁ fhoinse: | ***An mhaith:*** | 21 mharc-25 marc |
| | ***Maith:*** | 15 mharc-20 marc |
| | ***Réasúnta:*** | 8 marc-14 mharc |
| | ***Lag:*** | 0 mharc-7 marc |
| Tagairt ach D'AON fhoinse amháin | ***An mhaith:*** | 14 mharc-17 marc |
| | ***Maith:*** | 10 marc-13 mharc |
| | ***Réasúnta:*** | 5 mharc-9 marc |
| | ***Lag:*** | 0 mharc-4 marc |

## AISTE FHADA (60 marc)

Aiste stairiúil = 50 marc

Athbhreithniú ar phróiseas taighde = 10 marc

D'fhéadfadh an próiseas taighde a bheith lárnach don aiste nó i láthair mar ghné ar leith.

Ba cheart an aiste stairiúil a mheas mar aonad agus marc amach as 50 a bhronn mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| ***Eolas stairiúil – 25 marc*** | ***An mhaith***: | 21-25 |
| Críochnúil | ***Maith***: | 15-20 |
| cruinn | ***Réasúnta***: | 8-14 |
| agus ag baint leis an teideal | ***Lag***: | 0-7 |
| ***Scileanna taighde – 15 mharc*** | ***Sármhaith:*** | 13-15 |
| Tá an staidéar atá roghnaithe suntasach ó | ***An mhaith***: | 10-12 |
| thaobh na staire de (níl sé doiléir nó fánach) | ***Maith***: | 7-9 |
| Plé cóir cothrom ar na fadhbanna | ***Réasúnta***: | 4-6 |
| Léirítear taighde sách domhain | ***Lag***: | 0-3 |
| ***Cur i Láthair – 10 marc*** | ***An mhaith***: | 8-10 |
| Struchtúr | ***Maith***: | 6-7 |
| Fád sách | ***Réasúnta***: | 4-5 |
| | ***Lag***: | 0-3 |

***Athbhreithniú ar phróiseas taighde (10 marc)***

Is féidir é seo a bheith mar chuid neamhspleách nó mar chuid lárnach den aiste.
Anseo, ba cheart don scrúdaitheoir an próiseas taighde a mheas ina iomláine.
Leis an athbhreithniú pléite, ba cheart don scrúdaitheoir marcanna a bhronnadh mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| ***An mhaith:*** | 8-10 marc |
| ***Maith:*** | 6-7 marc |
| ***Réasúnta:*** | 4-5 mharc |
| ***Lag:*** | 0-3 mharc |

***Roinn 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE (CDB)***
***(100 marc)***

Tá ceithre chuid den cheist dhoiciméad-bhunaithe:

| | | |
|---|---|---|
| 1. | Léirthuiscint | (40 marc) |
| 2. | Comparáid | (20 marc) |
| 3. | Cáineadh | (20 marc) |
| 4. | Comhthéacsú | (20 marc) |

***1. Léirthuiscint (40 marc)***

| | | |
|---|---|---|
| (a) | An ghreille leictreachais | 8M |
| (b) | Bhí sé as feidhmiú | 8M |
| (c) | Bhí siad dúnta | 8M |
| (d) | Bhí tromlach na stáisiún peitril dúnta/ní raibh siad in ann peitreal a fháil | 8M |
| (e) | Bhí deacrachtaí ag ospidéil/bhí seirbhísí uisce agus séarachas i mbaol | 8M |

Uasmharc = 40M

***2. Comparáid (20 marc)***

(a) Déanann doiciméad B cur síos níos mine ar thionchar na stailce ar chúrsaí talmhaíochta.

I ndoiciméad A, ní luaitear talmhaíocht ach ag an deireadh nuair atá sé ráite gur "cuireadh stop le soláthair bianna ainmhithe d'fheirmeoirí".

Tugann doiciméad B níos mó eolas ar an chúis a bhfuil ganntanas bia ainmhithe. Cuireadh stop le muilte de bharr easpa leictreachais, agus bhí ganntanas bia ainmhithe mar thoradh. Luann an doiciméad go bhfuil beostoc ar na feirmeacha "ag fáil bháis" Chomh maith leis seo, theip ar an seachadadh bainne de bharr bac bóthair agus bhí orthu an bainne "a dhoirt síos sa draein mar thoradh".

Marcáil caighdeán an mhínithe bunaithe ar a dtuillteanas. Tagairt don dá dhoiciméad ag teastáil.

2M + 4M + 4M Uasmharc = 10M

(b) Tugann doiciméad B dearcadh Faulkner ar rialtas Londan.

Níl iomrá ar bith ar Faulkner nó rialtas Londan i ndoiciméad A.

Luann doiciméad B gur mhothaigh Faulkner gur "fheall rialtas Londan air". Níor thug dóthain cúnaimh dó chun déileáil leis na fadhbanna atá ag tarlú de bharr na stailce.

Tá sainaithint ó dhoicimé ad B agus ráiteas ó dhoicimeád B ag teastáil.
5M + 5M Uasmharc = 10M

***3. Cáineadh (20 marc)***

(a) D'fhéadfadh sé go gcuimseodh freagra pointí dá leithéid seo:
- Ba cheannaire an fheidhmeannais comhroinnte cumhachta sa bhliain 1974 é Brain Faulkner a ligeann dá dhearcadh a bheith bainteach agus úsáideach mar fhoinse stairiúil.
- Foilsíodh a bheathaisnéis sa bhliain 1978, mar sin níl bearna rómhór idir na himeachtaí de réir mar a tharla siad agus de réir mar a cuimhníodh orthu. Bhí imeachtaí sa bhliain1974 ina chuimhne go measartha maith aige nuair a scríobh sé a bheathaisnéis [fuair Faulkner bás sa bhliain 1977.]
- Tugann sé cuntas ar an dóigh a ndeachaigh an stailc i bhfeidhm air go pearsanta, "ní raibh aon phost maidine", teileafóin "lag agus míshoiléir".
- Déanann sé cur síos chomh maith ar thionchar na stailce ar shaol poiblí i TÉ. Tugann sé dearcadh an rialtais ar cheisteanna ar nós soláthar leictreachais agus gás. seirbhísí uisce agus séarachas, soláthairtí bia, srl.

Lorg dhá chúis. 5M + 5M Uasmharc = 10M

(b) Glac le príomha nó tánaisteach ar choinníoll gur tugadh cúis bhailí.

Bunfhoinse: Rinne Don Anderson tuairisciú ar stailc an UWC de réir mar a tharla sé agus bhí sé mar fhinné súl ar na himeachtaí a dhéanann sé cur síos orthu. Tá sé ina fhoinse phríomha mar sin.
NÓ
Foinse thánaisteach: foilsíodh an leabhar cuimhní seo sa bhliain 2022, beagnach 50 bliain i ndiaidh na n-imeachtaí a dhéanann sé cur síos orthu. Sa bhliain 2022, ní ag tabhairt príomhchuntas ar na himeachtaí sa bhliain 1974, ach ag déanamh a mhachnamh orthu beagnach 50 bliain ina dhiaidh sin. Mar sin, ba cheart glacadh le seo mar fhoinse thánaisteach.

Príomha/Tánaisteach agus cúis bhailí 5M + 5M Uasmharc = 10M

***4 Comhthéacsú (20 marc)***

Cad iad na hargóintí a rinneadh i bhfabhar agus/nó in éadan Chomhaontú Sunningdale?

Marcáil ón bprionsabal den Croí-Ráiteas. Uasmharc = 20M

Is féidir **Croí-Ráiteas** a shainmhíniú mar cheann amháin de seo a leanas:

- Ráiteas fíorasach suntasach atá ag baint le hábhar na ceiste a cuireadh.
- Míniú, tuairim nó trácht bailí atá ag baint le hábhar na ceiste a cuireadh.
- Ráiteas tosaigh **NÓ** clabhsúir suntasach atá ag baint le hábhar na ceiste a cuireadh

Chun an prionsabal marcála de Chroí-Ráiteas a chuir i bhfeidhm, beidh ar scrúdaitheoirí lean ar aghaidh mar seo a leanas:

- Ar léamh an fhreagra, ba cheart é a bhriseadh síos ina gCroí-ráitis, cuirtear tic (√ ) ag deireadh gach Croí-ráitis
- Bronntar 5 mharc ar gach Croí-ráiteas críochnaithe
- D'fhéadfadh Croí-ráiteas neamhchríochnaithe ag deireadh freagra 1-4 mharc a thuilleamh

Anseo, i gceist 4 den DBQ, beidh an scrúdaitheoir ag féachaint le 5 mharc an ceann a bhronnadh ar cheithre Chroí-ráiteas don leithdháileadh iomlán 20 marc.

***Roinn 2: ÉIRE agus***
***Roinn 3: EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR (300 marc)***

Tá gach Topaic roinnte ina thrí chuid:

A. Aonad faoi thiomáint spreagthach le 5 cheist ghearr a bhfuil orthu triail a bhaint astu (uasmharc: 30 marc)
B. Ba cheart alt gearr a scríobh mar fhreagra ar cheann amháin de na ceithre cheannteideal seo
(uasmharc: 30 marc)
C. Alt níos faide  le bheith scríofa mar fhreagra ar cheann amháin as ceithre cheist (uasmharc: 40 marc)

Leanfaidh an mharcáil ar chuid A, B agus C ar aghaidh mar seo a leanas:

A. De ghnáth, bronnfar na marcanna mar 6 mharc an cheist, le 6 mharc X 5 ag tabhairt 30 marc mar uasmharc. Féach ar ***Nótaí ar thopaicí aonair*** thíos le haghaidh éagsúlachtaí ar an gcleachtadh sin.
B. Beidh an freagra seo marcáilte ag an bprionsabal de Chroí-Ráiteas, mar a shainmhínítear thuas.
Bronnfar Uasmharc Carnach de 20 ar Chroí-Ráitis agus ligfear uasmharc de 10 marc don Mheastóireacht Fhoriomlán an scrúdaitheora ar an fhreagra. Féach ar an scála aistritheach thíos.
C. Beidh an freagra seo marcáilte ag an bprionsabal de Chroí-Ráiteas, mar a shainmhínítear thuas.
Ligfear Uasmharc Carnach de 30 ar Chroí-Ráitis agus ligfear uasmharc de 10 marc don Mheastóireacht Fhoriomlán an scrúdaitheora ar an fhreagra. Féach ar an scála aistritheach thíos.

**Marc Carnach (MC)**
Seo e an marc iomlán a bronnadh ar Chroí-Ráitis, faoi réir uasmharc 20 marc i bpáirt B agus uasmharc 30 marc i bpáirt C.

**Meastóireacht Fhoriomlán (MF)**
Le MF a bhronnadh, ní mór don scrúdaitheoir smaoinigh ar cé chomh maith is a bhfreagraíonn an freagra don cheannteideal nó an dóigh a dtéann siad i ngleic leis an gceist shocraithe. Beidh an tábla grádaithe a leanas i bhfeidhm:

| | |
|---|---|
| ***Sármhaith:*** | 9-10 marc |
| ***An mhaith:*** | 7-8 marc |
| ***Maith:*** | 5-6 mharc |
| ***Réasúnta:*** | 3-4 mharc |
| ***Lag:*** | 0-2 mharc |

Le MC agus MF a bhronnadh, rachaidh an scrúdaitheoir i ngleic leis an ábhar le hintinn oscailte ar raon na bhfreagraí bailí a d'fhéadfaí a bheith ag súil ó iarrthóir ag Gnáthleibhéal agus le tuiscint ar scóip den eolas agus scileanna stairiúla atá éilithe ag an siollabas.

***Nótaí ar thopaicí aonair***

## ***ROINN 2: ÉIRE***

*Éire: Topaic 1*

**Éire agus an tAontas, 1815-1870**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Bhí drogall orthu bia saor in aisce a sholáthar | (6) |
| A2. | Chuir siad coirí saor in aisce ar fáil/thug siad airgead chuig pobail áitiúla chun bia a cheannach | (6) |
| A3. | Nuair a bhunaigh an rialtas cistineacha anraith | (6) |
| A4. | Lean siad orthu ag soláthar éadaí | (6) |
| A5. | AON chúis amháin atá bailí | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MF = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MF = 10 marc

*Éire: Topaic 2*

**Gluaiseachtaí ar son leasú polaitíochta agus sóisialta, 1870-1914**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Bratacha (3m) agus áirsí na mbuanna (3m) | (6) |
| A2. | Ar pháirc pheile/ar imeall na cathrach | (6) |
| A3. | Le suaitheantas an Oird Oráistigh | (6) |
| A4. | Fir óga/Garda Onóra | (6) |
| A5. | Cúis bhailí AMHÁIN | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MF = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MF = 10 marc

*Éire: Topaic 3*

**Ar thóir an fhlaithis agus tionchar na críochdheighilte, 1912-1949**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Thart ar 1,000 duine | (6) |
| A2. | (Searmanais chlabhsúir den) Chomhdháil Chorp Chríost | (6) |
| A3. | D’éist siad leis an gcóras gan sreang/raidió/callairí | (6) |
| A4. | Cead a thabhairt do bhaill foirne dul go Baile Átha Cliath le haghaidh deiridh na Comhdhála/ ar saoire | (6) |
| A5. | Cúis bhailí AMHÁIN | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MF = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MF = 10 marc

*Éire: Topaic 4*

**Diaspóra na hÉireann, 1840-1966**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Siopaí (3m) agus tionóntáin (3m) | (6) |
| A2. | Daoine ag ceannach agus ag díol earraí/ cosáin plódaithe/cairteacha/ na sluaite | (6) |
| A3. | Ar chairt asail | (6) |
| A4. | Éisc, oráistí agus cáis (Dhá cheann ar bith, 3m +3m) | (6) |
| A5. | Cúis bhailí AMHÁIN | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MF = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MF = 10 marc

*Éire: Topaic 6*

**An rialtas, an geilleagar agus an tsochaí i bPoblacht na hÉireann, 1949-1989**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | An gá le níos mó forbairt gheilleagrach | (6) |
| A2. | Feachtas ar son an athchóirithe Gaeilge | (6) |
| A3. | Bhí an tUachtarán de Valera ag coinneáil súil air | (6) |
| A4. | Caithfidh comhaontú a dhéanamh idir na hÉireannaigh ar cheist na críochdheighilte | (6) |
| A5. | AON ghaisce amháin atá bailí | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MF = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MF = 10 marc

**Ceisteanna breise maidir le Roinn A ar leathanach 15 den scrúdpháipéar:**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Paráid bhliantúil do na Printísigh | (6) |
| A2. | 1,000 póilín | (6) |
| A3. | Caitheadh clocha le stáisiún póilíní/cuireadh carr trí thine | (6) |
| A4. | Thug na póilíní ruathar smachtíní faoin slua | (6) |
| A5. | Cúis bhailí AMHÁIN | (6) |

## *ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR*

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*

**An náisiúnachas agus foirmiú stát san Eoraip, 1815-1871**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Aer úr/spásanna glasa | (6) |
| A2. | Thírdhreachaigh sé an Bois de Boulogne/cruthaigh sé páirceanna nua/búlbhaird/chuir sé crainn thíos | (6) |
| A3. | Thóg sé uiscerian (3m) agus taiscumar ollmhór (3m) | (6) |
| A4. | Chuir sé córas séarachais nua ar fáil | (6) |
| A5. | Napoleon III | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MF = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MF = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*

**Náisiúnstáit agus teannas idirnáisiúnta, 1871-1920**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | 400 bean | (6) |
| A2. | Briste cabhlach | (6) |
| A3. | Ar iarnróid/mar dhíoltóirí nuachta/glantóirí bróige/lastóirí lampaí/ bearbóirí (Dhá cheann ar bith le haghaidh 3m + 3m) | (6) |
| A4. | Bheadh Tommy mar fhear tí agus a bhean chéile mar shaothraí pá | (6) |
| A5. | Síntiús bailí AMHÁIN | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MF = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MF = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*

**Deachtóireacht agus daonlathas san Eoraip, 1920-1945**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | I München (3m) i mí na Samhna 1921 (3m) | (6) |
| A2. | Gurbh óráidí "neamhthábhachtach"/gan bhrí/nádúrtha ó dhúchas é | (6) |
| A3. | D'ardaigh a ghuth beagnach ina scréach | (6) |
| A4. | Fealladh ar iontaoibh é | (6) |
| A5. | Pointe bailí AMHÁIN | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MF = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MF = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*

**Easaontas agus athailíniú san Eoraip, 1945-1992**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Deireadh Fómhair 1973 | (6) |
| A2. | Smachtbhannaí dochta ola | (6) |
| A3. | D'ardaigh praghas an bhia/boilsciú | (6) |
| A4. | Caomhnú breosla/forbairt ar fhoinsí fuinnimh eile | (6) |
| A5. | Pointe bailí amháin | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MF = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MF = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*

**Cúlú na hEorpa ó impireachtaí agus an toradh, 1945-1990**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | An Bheilg | (6) |
| A2. | Patrice Lumumba/an Príomh-Aire (3m) trí iomaitheoirí (3m) | (6) |
| A3. | Ghoid sé airgead/chuir sé na billiúin i dtaisce i mbainc eachtrannach | (6) |
| A4. | Chuir sé Angóla trína chéile | (6) |
| A5. | Cúis bhailí AMHÁIN | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MF = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MF = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*

**Na Stáit Aontaithe agus an domhan, 1945-1989**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | An Teach Bán | (6) |
| A2. | Ar fhaiche an Tí Bháin | (6) |
| A3. | Buncar faoi thalamh (in West Virginia) | (6) |
| A4. | Foscadán buamála an Tí Bháin | (6) |
| A5. | Toradh bailí AMHÁIN | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MF = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MF = 10 marc

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2023

# SCÉIM MHARCÁLA

# STAIR
# An Nua-Aois Luath

# GNÁTHLEIBHÉAL

**TUARASCÁIL AR AN STAIDÉAR TAIGHDE (TST)**
**(100 marc)**

**TEIDEAL AN STAIDÉIR (gan aon mharc)**

Níl cead aon mharcanna a bhronnadh don teideal, ach beidh sé riachtanach an teideal a chur san áireamh chun breithiúnas a dhéanamh ar 'ábharthacht na foinse ar an ábhar' i *Meastóireacht ar na Foinsí.*

**PLEAN IMLÍNEACH (15 mharc)**

Foinsí a lua = 6 mharc Gnéithe eile = 9 marc

**Foinsí a lua**

Tá dhá fhoinse á lorg.

Foinse amháin iomlán a lua go cruinn = 3 mharc

3 mharc x 2 = 6 mharc le haghaidh dhá fhoinse

Teideal = 1 mharc

Údar = 1 mharc

Mír eolais eile sa bhreis air sin mar fhianaise (m.sh.: foilsitheoir, dáta foilsithe, seoladh suíomh gréasáin, srl.) = 1 mharc

**Sainigh agus tabhair údar ar an ábhar staidéir atá molta agus na haidhmeanna agus an cur chuige atá beartaithe a aithint.**

An leagann an t-iarrthóir amach go soiléir an t-ábhar a bhfuil sé i gceist acu staidéar a dhéanamh air agus cén fáth? An leagann an t-iarrthóir amach aidhmeanna an staidéir agus an chaoi ar dóigh go mbainfear amach iad?

Ag glacadh an freagra ina iomláine, cé chomh maith is a éiríonn leis an iarrthóir an méid sin a dhéanamh go soiléir agus go stuama?

| | |
|---|---|
| ***An Mhaith:*** | 8-9 marc |
| ***Maith:*** | 6 mharc-7 marc |
| ***Réasúnta:*** | 3-5 mharc |
| ***Lag:*** | 0-2 mharc |

## MEASTÓIREACHT AR NA FOINSÍ (25 marc)

Tagairt a dhéanamh do láidreachtaí agus/nó laigí na bhfoinsí agus léargas a thabhairt ar an mbaint atá ag na foinsí leis an ábhar. Cé chomh maith is a éiríonn leis an iarrthóir an méid sin a dhéanamh go soiléir agus go stuama?

| | | |
|---|---|---|
| Tagairt don DÁ fhoinse: | ***An-mhaith:*** | 21-25 marc |
| | ***Maith:*** | 15-20 marc |
| | ***Réasúnta:*** | 8 marc-14 mharc |
| | ***Lag:*** | 0-7 marc |
| Tagairt ach D'AON fhoinse amháin | ***An-mhaith***: | 14-17 marc |
| | ***Maith:*** | 10 marc-13 mharc |
| | ***Réasúnta:*** | 5 mharc-9 marc |
| | ***Lag:*** | 0-4 mharc |

## AISTE FHADA (60 marc)

Aiste stairiúil = 50 marc    Athbhreithniú ar an bpróiseas taighde = 10 marc

Ba cheart an aiste stairiúil a mheas mar aonad agus marc as 50 a bhronn mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| ***Eolas stairiúil – 25 marc*** | **An mhaith:** | 21-25 |
| Críochnúil | **Maith:** | 15-20 |
| cruinn | **Réasúnta:** | 8-14 |
| agus ag baint leis an teideal | **Lag:** | 0-7 |
| ***Scileanna taighde – 15 mharc*** | **Sármhaith:** | 13-15 |
| Tá an staidéar atá roghnaithe suntasach ó | **An-mhaith:** | 10-12 |
| thaobh na staire de (níl sé doiléir nó fánach) | **Maith:** | 7-9 |
| Plé cóir cothrom ar na fadhbanna | **Réasúnta:** | 4-6 |
| Léirítear taighde sách domhain | **Lag:** | 0-3 |
| ***Cur i Láthair – 10 marc*** | **An-mhaith:** | 8-10 |
| Struchtúr | **Maith:** | 6-7 |
| Fád sách | **Réasúnta:** | 4-5 |
| | **Lag:** | 0-3 |

***Athbhreithniú ar phróiseas taighde (10 marc)***

Is féidir é seo a bheith mar chuid neamhspleách nó mar chuid lárnach den aiste.
Anseo, ba cheart don scrúdaitheoir an próiseas taighde a mheas ina iomláine.
Leis an athbhreithniú pléite, ba cheart don scrúdaitheoir marcanna a bhronnadh mar seo a leanas:

***An mhaith:*** 8-10 marc

***Maith:*** 6 mharc-7 marc

***Réasúnta:*** 4-5 mharc

***Lag:*** 0-3 mharc

***Roinn 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE (CDB)***
***(100 marc)***

Tá ceithre chuid den cheist dhoiciméad-bhunaithe:

| | | |
|---|---|---|
| 1. | Léirthuiscint | (40 marc) |
| 2. | Comparáid | (20 marc) |
| 3. | Cáineadh | (20 marc) |
| 4 | Comhthéacsú | (20 marc) |

***1. Léirthuiscint (40 marc)***

| | | |
|---|---|---|
| (a) | Ó Shasana | 8M |
| (b) | Bia (4m) agus lóistín (4m) do na saighdiúirí | 8M |
| (c) | Easpa córa | 8M |
| (d) | I dteaghlaigh na cathrach | 8M |
| (e) | Cois cé | 8M |

Uasmharc = 40M

***2. Comparáid (20 marc)***

(a) Aontaíonn, taispeánann an dá dhoiciméad go raibh a lán deacrachtaí ag na saighdiúirí in Éirinn.

Deir Doic A go mbíonn na saighdiúirí “i gcónaí ar easpa airgid, bia agus éadaí”. Cuireadh ar shaoránaigh Bhaile Átha Cliath na saighdiúirí a chothú agus lóistín a thabhairt dóibh ach níor íocadh iad riamh dá seirbhísí, agus mar sin tá an-seans gur chuir sé as dóibh go raibh na saighdiúirí ann.

Luann Doic B gur “[c]othaíodh mórán doichill” i leith na saighdiúirí i dteaghlaigh na cathrach. Ní raibh aon ospidéal do shaighdiúirí tinne nó gonta, a raibh orthu luí “faoi fhoscadáin ar na sráideanna”.

Marcáil caighdeán an mhínithe bunaithe ar a dtuillteanas.
Tagairt don dá dhoiciméad ag teastáil.

2M + 4M + 4M Uasmharc = 10M

(b) Chothaigh, taispeánann an dá dhoiciméad gur chothaigh láithreacht na saighdiúirí i mBaile Átha Cliath fadhbanna do chathair.

Cuireann Doic A in iúl gur rinne láithreacht na saighdiúirí Baile Átha Cliath "bochtaithe". Míníonn sé gur cuireadh ar shaoránaigh Bhaile Átha Cliath bia agus lóistín a chur ar fáil do na saighdiúirí ach nár íocadh iad dá seirbhísí riamh.

Deir Doic B gur chothaigh "mórán doichill" de bharr trúpaí a bheith á gcur ar lóistín le teaghlaigh na cathrach. Fágtar saighdiúirí tinne agus atá ag fáil bháis ina luí ar na sráideanna. Agus na saighdiúirí ann, chuir sé seo brú ar sholáthairtí bia agus dá bharr "d'ardaigh na praghsanna as compás." Tá riosca méadaithe de "g[h]alair thógálacha" ann. Bhí airm agus púdar gunna de dhíth ar na saighdiúirí, ach ba stóráil púdar gunna ar chéanna na cathrach mar chúis le "pléasc ollmhór" in 1597, ina maraíodh 126 duine agus "scriosadh a lán réadmhaoine."

Marcáil caighdeán an mhínithe bunaithe ar a dtuillteanas.
Tagairt don dá dhoiciméad ag teastáil.

2M + 4M + 4M                Uasmharc = 10M

***3. Cáineadh (20 marc)***

(a) Tá fianaise stairiúil úsáideach ag Doiciméad A faoi shaol i mBaile Átha Cliath sna 1590idí.

D'fhéadfadh sé go gcuimseodh freagraí pointí dá leithéid seo:

- Is foinse phríomha é, scríofa in 1596, a thugann cuntas finné súl ar Bhaile Átha Cliath i lár na 1590idí.
- Cuireann sé síos ar thionchar eachtra tábhachtaí (Cogadh na Naoi mBliana) ar Bhaile Átha Cliath.
- Tá sé scríofa ó dhearcadh Sasanach ("oifigeach míleata Sasanach in Éirinn") ach níl an chuma air go bhfuil sí claonta i gcoinne na nÉireannaigh. Mar a tharlaíonn sé, cáineann sé an "easpa córa" in Éirinn agus éilíonn sé go n-aimsítear "réiteach cóir".
- Tugann sé dearcadh na saighdiúirí a bhfuil easpa airgid, éadaí agus bia orthu, agus ó dhearcadh shaoránaigh Bhaile Átha Cliath nach "íoctar riamh" iad dá seirbhísí.

Lorg dhá chúis.                5M + 5M                Uasmharc = 10M

(b) Is foinse thánaisteach é Doiciméad B mar go bhfuil sé scríofa ag staraí, Colm Lennon, i leabhar a foilsíodh in 1994. Ní raibh Colm Lennon i láthair chun eachtraí i mBaile Átha Cliath a fheiceáil sna 1590idí, thart ar 400 bliain i ndiaidh foilsithe a leabhar.

Foinse thánaisteach agus míniú bailí                5M + 5M                Uasmharc = 10M

***4 Comhthéacsú (20 marc)***

Cad iad na bealaí inar athraigh Baile Átha Cliath le linn réimeas Eilís I, 1558-1603?

Marcáil ón bprionsabal den Croí-Ráiteas. Uasmharc = 20M

Is féidir **Croí-Ráiteas** a shainmhíniú mar cheann amháin de seo a leanas:

- Ráiteas fíorasach suntasach atá ag baint le hábhar na ceiste a cuireadh.
- Míniú, tuairim nó trácht bailí atá ag baint le hábhar na ceiste a cuireadh.
- Ráiteas tosaigh **NÓ** clabhsúir suntasach atá ag baint le hábhar na ceiste a cuireadh.

Chun an prionsabal marcála de Chroí-Ráiteas a chuir i bhfeidhm, beidh ar scrúdaitheoirí lean ar aghaidh mar seo a leanas:

- Ar léamh an fhreagra, ba cheart é a bhriseadh síos ina gCroí-ráitis, cuirtear tic (√ ) ag deireadh gach Croí-ráitis.
- Bronntar 5 mharc ar gach Croí-ráiteas críochnaithe.
- D'fhéadfadh Croí-ráiteas neamhchríochnaithe ag deireadh freagra 1-4 mharc a thuilleamh.

Anseo, i gceist 4 den DBQ, beidh an scrúdaitheoir ag féachaint le 5 mharc an ceann a bhronnadh ar cheithre Chroí-ráiteas don leithdháileadh iomlán 20 marc.

***Roinn 2: ÉIRE agus***
***Roinn 3: EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR (300 marc)***

Tá gach Topaic roinnte ina thrí chuid:

A. Aonad spreagadh-thiomáinte le 4/5 fhreagra ghearra nach mór tabhairt faoina bhfreagairt
(uasmharc: 30 marc)
B. Alt gearr le scríobh mar fhreagairt ar cheann de cheithre cheannteideal (uasmharc: 30 marc)
C. Alt níos faide le scríobh mar fhreagra ar cheann de cheithre cheannteideal (uasmharc: 40 marc)

Leanfaidh an mharcáil ar chuid A, B agus C ar aghaidh mar seo a leanas:

A. De ghnáth, bronnfar na marcanna mar 6 mharc an cheist, le 6 mharc X 5 ag tabhairt 30 marc mar uasmharc. Féach ar ***Nótaí ar thopaicí aonair*** thíos le haghaidh éagsúlachtaí ar an gcleachtadh sin.
B. Beidh an freagra seo marcáilte ag an bprionsabal de Chroí-Ráiteas, mar a shainmhínítear thuas. Bronnfar Uasmharc Carnach de 20 ar Chroí-Ráitis agus ligfear uasmharc de 10 marc don Mheastóireacht Fhoriomlán an scrúdaitheora ar an fhreagra. Féach ar an scála aistritheach thíos.
C. Beidh an freagra seo marcáilte ag an bprionsabal de Chroí-Ráiteas, mar a shainmhínítear thuas. Ligfear Uasmharc Carnach de 30 ar Chroí-Ráitis agus ligfear uasmharc de 10 marc don Mheastóireacht Fhoriomlán an scrúdaitheora ar an fhreagra. Féach ar an scála aistritheach thíos.

**Marc Carnach (MC)**
Seo e an marc iomlán a bronnadh ar Chroí-Ráitis, faoi réir uasmharc 20 marc i bpáirt B agus uasmharc 30 marc i bpáirt C.

**Meastóireacht Fhoriomlán (MF)**
Le MF a bhronnadh, ní mór don scrúdaitheoir smaoinigh ar cé chomh maith is a bhfreagraíonn an freagra don cheannteideal nó an dóigh a dtéann siad i ngleic leis an gceist shocraithe. Beidh an tábla grádaithe a leanas i bhfeidhm:

***Sármhaith:*** 9-10 marc
***An mhaith:*** 7-8 marc
***Maith:*** 5-6 mharc
***Réasúnta:*** 3-4 mharc
***Lag:*** 0-2 mharc

Le MC agus MF a bhronnadh, rachaidh an scrúdaitheoir i ngleic leis an ábhar le hintinn oscailte ar raon na bhfreagraí bailí a d'fhéadfaí a bheith ag súil ó iarrthóir ag Gnáthleibhéal agus le tuiscint ar scóip den eolas agus scileanna stairiúla atá éilithe ag an siollabas.

***Nótaí ar thopaicí aonair***

***ROINN 2: ÉIRE***

*Éire: Topaic 1*

**Leasú agus Reifirméisean in Éirinn na dTúdarach, 1494-1558**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Oirfidigh/rannairí/baird/seanchaithe Éireannacha | (6) |
| A2. | Sa Pháil | (6) |
| A3. | Dán a chumadh in ómós d'aon duine ach don Rí. | (6) |
| A4. | Bhainfí a chuid earraí de (3m) agus chuirfí sa phríosún é (3m) | (6) |
| A5. | Pointe bailí AMHÁIN | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MF = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MF = 10 marc

*Éire: Topaic 3*

**An ríocht in aghaidh na coilíneachta - an streachailt don lámh in uachtar in Éirinn**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | I bPort Láirge (3m), in 1588 (3m) | (6) |
| A2. | Proinsiasaigh Éireannacha | (6) |
| A3. | Cheap sé go raibh cuid de ghníomhartha an Ardeaspaig iomrallach | (6) |
| A4. | Stair Ord na bProinsiasach | (6) |
| A5. | Éacht bailí AMHÁIN | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MF = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MF = 10 marc

*Éire: Topaic 4*

**Cinsealacht choilíneachta á bunú, 1660-1715**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Búistéirí a raibh siopaí acu (ní trádálaithe sráide) | (6) |
| A2. | Teicstílí cosúil le stocaí, línéadach agus éadach olla (2 x 3m) | (6) |
| A3. | Bia-ábhair cosúil le him, cáis ná bagún (2 x 3m) | (6) |
| A4. | Trádálaithe a bhfuil earraí á n-iompar ina lámha acu | (6) |
| A5. | Easpórtáil bhailí AMHÁIN (m.sh. olann, im, srl.) | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MF = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MF = 10 marc

*Éire: Topaic 5*

**An choilíneacht in aghaidh na ríochta - teannas in Éirinn i lár an ochtú haois déag, 1715-1770**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Teach chléireach an pharóiste in Áth Mheáin, Co. Phort Láirge | (6) |
| A2. | Go gcuirfí é ina bheatha | (6) |
| A3. | Foinn mhídhílse | (6) |
| A4. | Mháirseáil siad suas síos an tsráid/chaith siad roinnt urchar | (6) |
| A5. | Cúis bhailí AMHÁIN | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MF = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MF = 10 marc

*Ireland:Topic 6*

**Deireadh na ríochta Éireannaí agus bunú an Aontais, 1770-1815**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Ba chliarscoil é chun oiliúint a chur ar shagairt | (6) |
| A2. | Réabhlóid na Fraince | (6) |
| A3. | Tacaíocht mheasartha Chaitliceach | (6) |
| A4. | Tháinig siad ó chúlra sóisialta níos uirísle/bhí tuairimí polaitíochta níos láidre acu | (6) |
| A5. | Fadhb bhailí AMHÁIN | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MF = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MF = 10 marc

**Ceisteanna breise maidir le Roinn A ar leathanach 15 den scrúdpháipéar:**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Dearcadh Sasanach (3m) agus fáth amháin (3m) | (6) |
| A2. | Deireadh Fómhair 1598 | (6) |
| A3. | Éiríodh amach/chuathas in éineacht le fórsaí Thír Eoghain/ creachadh an tír/ dódh sráidbhailte/ leagadh tithe agus caisleáin na ngealltóirí Sasanacha (2 x 3m) | (6) |
| A4. | Ba cheart dóibh caisleáin a thógáil/ coilínigh Shasanacha a thabhairt anall/ choinnigh siad go léir searbhóntaí Éireannacha a d'fheall orthu/ níor sheas siad a bhfód | (6) |
| A5. | Toradh bailí AMHÁIN | (6) |

## ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*
**An Eoraip ón Athbheochan go dtí an Reifirméisean, 1492-1567**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Rí Ferdinand (3m) agus Banríon Isabella (3m) | (6) |
| A2. | Spíosraí/cadás/adhmad aló/sclábhaithe | (6) |
| A3. | An creideamh Críostaí agus cráifeacht an Rí agus na Banríona | (6) |
| A4. | Shábhálfar a n-anamacha | (6) |
| A5. | D'éirigh leo/theip orthu (3m) agus fáth bailí AMHÁIN (3m) | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MF = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MF = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*
**Creideamh agus cumhacht: an pholaitíocht sa séú haois déag dhéanach, 1567-1609**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Sheol siad longa loiscthe i measc loingeas na Spáinne | (6) |
| A2. | Gar do Calais | (6) |
| A3. | Le scaoll | (6) |
| A4. | Chaill siad 16 long (3m) agus maraíodh 5,000 fear (3m) | (6) |
| A5. | Aidhm bhailí AMHÁIN | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MF = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MF = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*
**Dul ar gcúl na Sean-Eorpa, 1609-1660**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Aireagán gloine féachana/teileascóip nua | (6) |
| A2. | Chruthaigh sé ceann níos fearr | (6) |
| A3. | É a thaispeáint os comhair an tSeanaid iomláin. | (6) |
| A4. | Chun féachaint ar longa i bhfad i gcéin tríd an teileascóp | (6) |
| A5. | Bealach bailí AMHÁIN | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MF = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MF = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*

**An Eoraip le linn ré Louis XIV, 1660-1715**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | In éin andúchasacha | (6) |
| A2. | Pacáiste de luibheanna andúchasacha | (6) |
| A3. | Tae | (6) |
| A4. | Níor ól (3m), ba dheoch do dhaoine saibhre a bhí ann (3m) | (6) |
| A5. | Cuspóir bailí AMHÁIN | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MF = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MF = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*

**Impireachtaí á mbunú, 1715-1775**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Ag 6 r.n. | (6) |
| A2. | Paidir ghearr a rá | (6) |
| A3. | Stair | (6) |
| A4. | Marcaíocht (ar chapall) | (6) |
| A5. | Éacht bailí AMHÁIN | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MF = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MF = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*

**Impireachtaí faoi réabhlóid, 1775-1815**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Ó na 1770idí ar aghaidh | (6) |
| A2. | Méadú an-mhór a dhéanamh ar tháirgeadh teicstílí | (6) |
| A3. | Rinne sé cúiteamh don easpa cumhachta uisce i Manchain | (6) |
| A4. | Canálacha | (6) |
| A5. | Fadhb bhailí AMHÁIN | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MF = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MF = 10 marc

**Appendix 1**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## *Tábla 400 @ 10%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 400 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 300 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 301 - 303 | 29 |
| 304 - 306 | 28 |
| 307 - 310 | 27 |
| 311 - 313 | 26 |
| 314 - 316 | 25 |
| 317 - 320 | 24 |
| 321 - 323 | 23 |
| 324 - 326 | 22 |
| 327 - 330 | 21 |
| 331 - 333 | 20 |
| 334 - 336 | 19 |
| 337 - 340 | 18 |
| 341 - 343 | 17 |
| 344 - 346 | 16 |
| 347 - 350 | 15 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 351 - 353 | 14 |
| 354 - 356 | 13 |
| 357 - 360 | 12 |
| 361 - 363 | 11 |
| 364 - 366 | 10 |
| 367 - 370 | 9 |
| 371 - 373 | 8 |
| 374 - 376 | 7 |
| 377 - 380 | 6 |
| 381 - 383 | 5 |
| 384 - 386 | 4 |
| 387 - 390 | 3 |
| 391 - 393 | 2 |
| 394 - 396 | 1 |
| 397 - 400 | 0 |